# BÍ ULLAMH DON GHEIMHREADH









**Ag cabhrú leat féin, le do theaghlach agus le do ghnó bheith níos dianseasmhaí agus bheith ullamh i gcomhar aimsire crua**

**An Oifig Pleanála Éigeandála**

www.winterready.ie @emergencyIE

An Roinn Cosanta
Department of Defence

An Oifig um Pleanáil Eigeandála
Office of Emergency Planning

Arna bhforbairt ag an **Oifig Pleanála Éigeandála** i dteannta leis na heagraíochtaí seo a leanas:

Department of Agriculture, Food and the Marine
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

teagasc
Agriculture and Food Development Authority

Irish Coast Guard

Uisce Éireann : Irish Water

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

ESB
Energy for generations

NRA
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
National Roads Authority

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning, Community and Local Government

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Óglaigh na hÉireann
Defence Forces Ireland

An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport

RSA
Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Garda Síochána na hÉireann

H&SA
Health and Safety Authority

Bus Éireann

AA

Met Éireann

# Notaí

# Clár ábhair


| | |
|---|---|
| 6 | Brollach |
| 7 | Foláirimh Dhathchódaithe Mhet Éireann |
| 9 | An Teach sa Gheimhreadh Foláirimh Dhathchódaithe |
| 12 | Comhairle do Dhaoine Scothaosta, dá dTeaghlaigh agus dá gComharsana |
| 14 | Tuilte |
| 17 | Sábháilteacht ar na Bóithre |
| 22 | Tú féin, D'Fheirm agus an Geimhreadh |
| 27 | An Earnáil Ghnó |
| 30 | Scoileanna agus an Aimsir Chrua |
| 36 | Eolas teagmhála |
| 42 | Uimhreacha Gutháin Tábhachtacha |

## BROLLACH

Tá súil againn go gcabhróidh an leagan athbhreithnithe seo dár Leabhrán Bí Ullamh don Gheimhreadh le teaghlaigh agus iad ag ullmhú i gcomhair aimsire crua agus ag déileáil léi nuair a thagann sí chun cinn.

Cuimhnigh go mbíonn sé mbíonn sé níos deacra nó contúirteach fiú na gnáthchúraimí laethúla a chomhlíonadh le linn an gheimhridh, ach is féidir leat tionchar imeachtaí den sórt sin a dhéanamh níos lú trí roinnt céimeanna simplí a ghlacadh.

Le linn tréimhsí d'aimsir chrua, tá sé tábhachtach an t-eolas is déanaí a fháil, tri héisteacht leis an eolas faoin aimsir agus na rabhaidh aimsire ó Mhet Éireann, ar gnách go dtugtar iad le linn réamhaisnéis na haimsire. Beidh eolas ar fáil freisin le linn aimsire crua ar leathanach Twitter an Oifig Pleanála Éigeandála @emergencyIE.

Ina theannta sin tá sonraí teagmhála curtha sa leabhrán againn le haghaidh eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar féidir leo tuilleadh treorach agus cúnaimh a thabhairt.

Molaimid do gach duine súil a choimeád ar chomharsana agus ghaolta scothaosta le linn tréimhsí d'aimsir chrua. Níl aon amhras ach go mbeidh sé níos deacra dóibh bogadh timpeall, chun bia agus leigheas a cheannach agus chun freastal ar a gcuid coinní leighis.  Cuimhnigh go mb'fhéidir nach mbeadh teacht acu ar an eolas is déanaí ón idirlíon agus ó na meáin shóisialta, agus mar sin bainfidh siad an-leas as teagmháil phearsanta leanúnach.

Is í an Oifig Pleanála Éigeandála, thar ceann Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála, a d'fhoilsigh an leabhrán seo.

Tá i bhfad níos mó eolais chomh maith le naisc úsáideacha againn ar ár láithreán gréasáin www.winterready.ie

Tá leagan Gaeilge den leabhrán seo ar fail freisin.

Teachtaireacht shimplí atá againn - Bí Ullamh, Coimeád Slán agus bíodh a fhios agat cá háit ar féidir leat cabhair a fháil i gcás go mbeadh sí ag teastáil uait.

**An Oifig Pleanála Éigeandála**



## Chun bheith Ullamh don Gheim-hreadh, is gá duit bheith ar d'eolas faoin aimsir i do chean-tar féin, ionas gur féidir leat ULLMHÚ

Bíonn réamhaisnéisí aimsire Mhet Éireann ar fail ar RTÉ (an raidió agus an teilifís), ar go leor stáisiún raidió áitiúil neamhspleách agus stáisiúin náisiúnta agus ar www.met.ie.

Nuair a bhíonn Rabhadh Aimsire Crua (leibhéal dearg) i bhfeidhm eisítear chuig na meáin chraolacháin agus chuig Údaráis Áitiúla é.

**Baineann Rabhaidh Aimsire le trí chatagóir:**

**BUÍ** **Foláireamh Aimsire - Bí Eolach**

Is é an coincheap a bhfuil foláirimh aimsire BHUÍ bunaithe air ná fógra a thabhairt dóibh siúd atá i mbaol mar gheall ar a n-ionad agus/nó a gcuid gníomhaíochta, agus ligean dóibh gníomh coisctheach a ghlacadh. Tá sé intuigthe go bhfuil foláirimh aimsire BHUÍ ceaptha le haghaidh aimsire nach mbagraíonn ar an bpobal i gcoitinne, ach amháin iad siúd atá i mbaol mar gheall ar nádúr a n-ionad agus/nó na ghníomhaíochta atá ar siúl acu

**ORÁISTE** **Foláireamh Aimsire - Bí Ullamh**

Tá an chatagóir rabhaidh aimsire ORÁISTE ceaptha le haghaidh aimsire a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar dhaoine sna háiteanna atá buailte ag an aimsir. Nuair a eisítear rabhadh aimsire ORÁISTE tugtar le tuiscint gur cheart do gach duine sna ceantair atá i gceist a fhaigheann an rabhadh iad féin a ullmhú ar bhealach oiriúnach le haghaidh na haimsire a bhfuil coinne léi.

**DEARG** **Foláireamh Aimsire - Glac Gníomh**

I gcomparáid leis na foláirimh eile, is annamh a eisítear foláirimh aimsire DHEARGA agus tugann siad le tuiscint gur cheart dóibh siúd a fhaigheann an foláireamh gníomh a ghlacadh chun iad féin agus/nó a gcuid réadmhaoine a chosaint; d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach dóibh a dteaghlaigh a bhogadh ón áit chontúirteach ar bhonn sealadach, fanacht laistigh nó gníomhartha sonracha eile a ghlacadh a mbeadh sé d'aidhm acu éifeachtaí na haimsire a mhaolú.

Is féidir leat níos mó sonraí a fháil faoi fholáireamh aimsire, rabhadh aimsire agus rabhadh aimsire crua Mhet Éireann ar www.met.ie áit a bhfuil na réamhaisnéisí áitiúla agus réigiúnacha is déanaí chomh maith



## Cuimhnigh

Ma bhíonn tú ag féachaint ar thonnta móra le linn aimsire crua nó ag tógáil grianghraif díobh fan fada go leor uathu i gcónaí go mbeidh tú sábháilte.



# An TEACH sa Gheimhreadh

## Bí Ullamh

- Bíodh soláthar beag de bhia neamh-mheatach agat atá éasca le hullmhú
- Coimeád soláthairtí breise de chógas riachtanach i gcás go mbeadh sé deacair dul chuig an dochtúir/an gcógaslann
- Bíodh dóthain breosla agat le haghaidh téimh/cócaireachta agus rogha eile más féidir i gcás go gclisfeadh ar an bpríomhsholáthar
- Bíodh cadhnraí agat le haghaidh tóirsí i gcás gearradh cumhachta
- Bíodh coinnle agus lasáin agat. Ba cheart coinnle a choimeád i gcoinnleoirí cearta amach ó shiorraí i gcónaí. Ná fág coinneal ar lasadh gan duine ina bhun riamh
- Bíodh coimeádán uisce agat chun soláthar uisce óil a chinntiú
- Bíodh a fhios agat cén chaoi do sholáthar uisce a chasadh as
- Déan cinnte go mbíonn fóin phóca luchtaithe - bíodh uimhreacha éigeandála áitiúla agat i d'fhón
- Bíodh sluasaid sneachta oiriúnach agat (ach déanfaidh aon sluasaid nó spád cúis)

## An bhfuil tú réidh don sneachta agus don aimsir reo?

- Féadann sé bheith crua go leor sneachta a ghlanadh - ná déan iarracht é a dhéanamh ach má tú réasúnta folláin agus mura bhfuil riocht míochaine ort. Caith éadaí agus buataisí nó bróga oiriúnacha a bhfuil greim mhaith orthu

- Glanan sneachta go luath sa lá - ná húsáid uisce fiuchta mar go n-éireoidh sé reoite agus go mbeidh sé ina ghuais

## Bí Ullamh – coimeád do sholáthar uisce ó éirí reoite



- An soláthar uisce príomhphíobain don áitreabh, i.e. buacaire amuigh- níor cheart go mbeadh an doimhneacht ó leibhéal na talún chuig an mbuacaire níos lú na 600mm. Má theastaíonn, faigh comhairle ghairmiúil maidir leis an mbuacaire a ísliú nó a chosaint. Baine-ann an chomhairle chéanna leis an líne ón mbuacaire chuig do theach. Bíodh a fhios agat go bhféadfadh go dtiocfadh athrú ar an leibhéal agus é ag teacht i ngar do do theach

- Má tá méadar agat a shuiteáil Uisce Éireann, cuireadh dallán ceo sa bho-sca teorainn méadair ionas nach n-éireodh an méadar ná an buacaire reoite

- Murar shuiteáil Uisce Éireann aon mhéadar, chun buacairí a choimeád ó éirí reoite, oscail an dúnpholl buacaire agus bain aon uisce de. Líon an dúnpholl le hábhar neamhshúiteach chun insliú a thabhairt. Ná húsáid ábhar súiteach mar éireoidh sé sin reoite freisin nuair a bheidh sé fliuch

- Ná fág sconnaí ar siúl mar cur amú acmhainne luachmhaire atá i gceist leis sin agus beidh costais bhreise le híoc agat má íocann tú muirir uisce méadraithe. Tuilleadh eolais ag [www.water.ie](http://www.water.ie)

- Má tá tú chun do theach a fhágáil folamh ar feadh níos faide ná lá nó dhó, ba cheart duit an soláthar uisce chuig an teach a chasadh as ag an mbuacaire amuigh (agus tú ag déanamh cinnte go gcastar as aon fhearais ná saoráidí a bhraitheann ar uisce)

**Bí Ullamh - seachain Píobáin Reoite**

**Déan cinnte go bhfuil dóthain inslithe ar gach píobán nochta. Áirítear leis sin píobáin san áiléar fiú áit a bhfuil dea-insliú ar urlár an áiléir**

- Cuir insliú ar sconna lasmuigh nó cuir tuáille timpeall air
- Fág solas ar lasadh san áiléar
- Oscail comhla an áiléir chun teas a ligean isteach
- Fág an teas ar siúl ag socrú níos ísle ar feadh tréimhsí níos faide
- Is é an teas is fearr a thugann cosaint i gcoinne píobán reoite mar sin coimeád do theach te

**Soláthar uisce píobán reoite**

- Má tá do sholáthar reoite, bí cúramach maidir le húsáid a bhaint as córais teasa, meaisíní níocháin nó fearais nó áiseanna eile a bhraitheann ar uisce
- Ma tá amhras ort, déan teagmháil le pluiméir cáilithe chun comhairle a fháil

**Ligin Uisce**

- Ba cheart an soláthar uisce in áitribh fhoilmhe agus i dtithe saoire a chasadh as agus a dhraenáil chun ullmhú don gheimhreadh
- Sealbhóirí eochrach – seiceáil áitribh go rialta le haghaidh ligean féideartha
- Má bhraitear ligean:
    - Cas as an soláthar uisce – is gnách go mbíonn an comhla stoptha faoi bhun an doirteal cistine
    - Cas air sconnaí fuaire chun an córas a dhraenáil
    - Cas as an teas lárnach
    - Cas as an soláthar leictreachais má tá an ligean in aice le fearais leictreacha
    - Cuir fios ar phluiméir agus/nó leictreoir cáilithe





# Comhairle do Dhaoine Scothaosta agus dá dTeaghlaigh agus dá gComharsana

Féadann sé bheith deacair do gach duine sa gheimhreadh bogadh timpeall agus gníomhaíochtaí laethúla a dhéanamh. Bíonn sé níos deacra fós do dhaoine breacaosta agus leochaileacha.

## Comhairle do dhaoine breacaosta nó breoite

### Ag Coimeád Folláin agus Te

- Coimeád te, ith dóthain bia agus seachain taisteal nach bhfuil riachtanach. Ba cheart duit béilí teo a ithe go rialta agus dóthain deochanna a ól, ar an mbealach sin coimeádfaidh tú te agus beidh dóthain fuinnimh agat chun fanacht gníomhach
- Déan cinnte go bhfuil dóthain bia agat chomh maith le haon chógas ar oideas a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait. Fan gníomhach laistigh.
- Bíodh dóthain breosla agat chun go mbeidh dóthain teasa agat i do theach
- Iarr cabhair ó do chuid gaolta agus comharsana má tá sí uait. Coimeád liosta dá n-uimhreacha gutháin taobh le do ghuthán

### Sábháilteacht Phearsanta – Ag Coimeád Sábháilte

- Le linn aimsire oighreata, caith bróga dea-fheistithe a bhfuil boinn neamhsciorracha orthu más gá duit dul amach ach déan iarracht gan siúl amach an iomarca le linn na haimsire fuaire

- Smaoinigh ar aláram pearsanta a chaitheamh ionas go gcuirfear do theaghlach nó do chomharsana ar a n-eolas má thiteann tú
- Má thiteann tú, fiú mura bhfuil i gceist ach titim mhionchúiseach, déan cinnte cuairt a thabhairt ar do dhochtúir chun scrúdú a fháil

**Titim a chosc i do theach**

- Fág solas lagfhuinnimh ar lasadh le linn na hoíche, is fearr ceann a bhfuil aschur ard solais aige
- Úsáid mata neamhsciorrach cithfholcadáin nó folcadáin
- Cinntigh nach bhfuil sreanga ná cáblaí ó lampaí, theileafóin srl fágtha ar an talamh áit a mbíonn tú ag siúl
- Socraigh an troscán ionas go bhféadann tú bogadh go héasca timpeall do chuid seomraí go léir
- Bain rugaí den teach nó úsáid téip neamhsciorrach ionas nach sleamhnóidh rugaí
- Smaoinigh ar ráillí láimhe a chur isteach ar an dá thaobh den staighre

**Coimeád folláin an Geimhreadh seo – le haghaidh tuilleadh eolais tabhair cuairt ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie)**

**Ag coimeád súile ar dhaoine scothaosta agus breoite**

Déan iarracht bualadh isteach ar ghaolta agus chomharsana scothaosta, agus tabhair cúnamh dóibh má theastaíonn sé uathu le linn aimsire crua.

- Déan cinnte go bhfuil dóthain bia agus cógas acu
- Déan cinnte go bhfuil dóthain breosla acu ionas go mbeidh dóthain teasa acu ina dtithe
- Má bhíonn amhras ar bith ort faoi shábháilteacht duine bhreacaosta nó bhreoite iarr cúnamh ón nGarda Síochána nó ó na seirbhísí sóisialta i do cheantar féin




# Tuilte

## Pleanáil

### Faigh amach an dtarlaíonn tuilte go minic i do cheantar

- **Labhair** le do chomharsana agus le foireann d'údaráis áitiúil
- **Féach** ar léarscáileanna tuilte an OPW atá ar fáil le haghaidh do cheantair féin (www.maps.opw.ie agus www.floodmaps.ie). Tá cuid mhór eolais úsáidigh tugtha ag Oifig na n-Oibreacha Poiblí ar an láithreán gréasáin www.flooding.ie

Más amhlaidh GO BHFUIL cónaí ort i gceantar a dtarlaíonn tuilte ann go minic, tá roinnt céimeanna ann ar féidir leat a ghlacadh chun do theach a dhéanamh níos dianseasmhaí in aghaidh tuilte.

- **Féach cá háit** a bhféadfadh tuilte teacht isteach i do theach, an bhfuil seomraí leapa ar urláir talún nó in íoslaigh, srl.
- **Ullmhaigh** plean bia teaghlaigh le haghaidh do theaghlach
- **Seiceáil do chuid árachais tí -** chun féachaint an bhfuil cumhdach agat i gcoinne dochair ó thuilte
- Faigh amach an bhfuil Plean Éigeandála Tuile i bhfeidhm le haghaidh do cheantair

Smaoinigh an gá bearta mar iarfheistiú chun bacainní tuile a chur ar fáil, íoslaigh a shéalú agus geataí tuile a cheannach.

**Bí ullamh – Laistigh de do theach**

- Bog earraí luachmhara agus rudaí eile chuig áit shábháilte. Cuir os cionn an leibhéal tuile nó thuas staighre iad
- Leag málaí gainimh ag aon bhealach isteach áit a bhféadfadh an t-uisce teacht isteach
- Cas as an gás agus an leictreachas

**Bí ullamh – Lasmuigh de do theach**

- Bog do ghluaisteán chuig talamh ard más féidir
- Cuimhnigh go bhféadfadh go dtiocfadh uisce tuile isteach i do gharáiste agus mar sin bog aon cheimiceáin nó breosla chun cinntiú nach ndoirteann isteach san uisce tuile áit a mbeidís ina nguais bhreise
- Bain úsáid as málaí gainimh nó rudaí troma mar mheáchain ar chlúdaigh dhúnphoill. D'fhéadfadh go n-osclófaí iad le linn tuile agus go mbeidís ina nguais
- Dún na comhlaí silte ar umair phrópáin, dhrumaí ola nó coimeádáin Ibhreosla eile thugann soláthar do do theach trí phíobáin agus fheistí



- Díphlugáil aon naisc leictreachais mar shoilse lasmuigh, caidéil agus scagairí linne

**Aslonnú**

**D'ainneoin na réamhchúram go léir, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach fós do theach nó do ghnó a aslonnú**




- Bí réidh le do theach nó do ghnó a aslonnú. Cosain tú féin, do chlann agus daoine eile a bhfuil do chuid cúnaimh uathu
- Bíodh éadaí teo uiscedhíonacha agus buataisí rubair in aice láimhe agat
- Bíodh cógas in aice láimhe agat (ma tá sé ag teastáil)
- Seiceáil go bhfuil dóthain uisce/bia agaibh

Iarrtar ort oibriú as lámh a chéile leis na seirbhísí éigeandála agus na húdaráis áitiúla.

**Tuilte - Comhairle Sábháilteachta Ghinearálta**

- **Ná** déan iarracht siúl ná tiomáint trí huisce tuile ach má tú céad faoin gcéad cinnte faoina dhoimhneacht
- Más féidir seachain teagmháil le huisce tuile toisc go bhféadfadh go mbeadh sé éillithe nó truaillithe, le séarachas mar shampla
- Bí cúramach má tá ort siúl trí huisce éadomhain – d'fhéadfadh go mbeadh clúdaigh dhúnphoill tar éis scaoileadh agus go mbeadh guaiseacha eile ann faoin uisce nach mbeifeá in ann a fheiceáil
- Ná déan iarracht riamh snámh trí huisce mear - d'fhéadfadh go gcrochfaí chun siúil tú nó go mbuailfí tú ag rud éigin san uisce
- D'fhéadfaí cabhair a iarraidh ó chomharsana a bhfuil feithiclí arda ar nós tarracóirí acu chun taisteal trí cheantair atá buailte ag tuilte



# Sábháilteacht ar Bhóithre

**An bhfuil D’Fheithicil Ullamh don Gheimreadh?**

Ba cheart duit seiceáil garáiste a fháil ar do ghluaisteán sula dtagann an geimhreadh chun cinntiú go mbeidh sé réidh don aimsir a thiocfaidh gan choinne! Seo roinnt rudaí ar féidir leat féin a dhéanamh:

- Soilse – Déan cinnte go bhfuil do chuid táscairí agus ceannlampaí go léir glan agus go bhfuil riocht maith orthu
- Leachtanna – Déan cinnte go bhfuil an taiscumar uisce líonta suas go dtí an marc is airde agus go bhfuil sé measctha i gceart leis an oibreán frithreo. D’fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach duit tuilleadh fuartháin agus ionlach gaothscátha a chur isteach
- Ola – Seiceáil do shlat tumtha agus cuir tuilleadh ola isteach más gá. Cuardaigh comharthaí ligin ar an talamh faoin ngluaisteán
- Codanna Leictreacha – Seiceáil do dheais sula gcuireann tú an t-inneall ar siúl agus ina dhiaidh sin. Éist chun fáil amach an bhfuil an ceallra lag agus faigh ceallra nua más gá
- Cuimleoirí gaothscátha – ba cheart duit iad a ghlanadh go rialta agus cinn nua a fháil gach 12 mhí
- Boinn - Seiceáil snáitheanna agus brú na mbonn, lena n-áirítear an bonn breise. Cé gurb í an uasteorainn náisiúnta ná 1.6mm, moltar snáithe de 3mm ar a laghad um thiomáint sa gheimhreadh
- *Safety Assist* – Seiceáil lámhleabhar úinéara d’fheithicle agus faigh amach an bhfuil aon teicneolaíocht safety assist m.sh. ABS

## Bí Ullamh - Trealamh éigeandála le coimeád i do ghluaisteán





- Veist Ard-Infheictheachta
- Triantán guaise
- Tóirse agus ceallraí ann - déan seiceáil air gach mí




- Téad tarraingthe
- Sluasaid
- Preabsheoláin
- Canna Breosla
- Fiúsanna agus bolgáin bhreise












- Trealamh dí-oighrithe (Le haghaidh gloine agus glais dorais araon)
- Fearas Garchabhrach
- Léarscáil nó GPS (Luchtaithe)





- Éadaí agus bróga oiriúnacha i gcás go mbeadh ort imeacht ó d'fheithicil
- Bíodh fón póca luchtaithe agat
- Roinnt soláthairtí simplí chun fuinneamh a thabhairt duit féin (deoch agus bia)

**Turas a phleanáil sa gheimhreadh**

**An gá duit taisteal sa ghluaisteán i ndáiríre? D'fhéadfá:**

- Smaoineamh ar mhoill a chur leis an turas go dtiocfaidh feabhas ar an aimsir agus ar na coinníollacha bóithre
- Úsáid a bhaint iompar poiblí áit a bhfuil sé ar fáil

**Más gá duit i ndáiríre taisteal ar bhóthar, bí réidh i gcomhar aimsire crua**

- Déan cinnte go bhfuil dóthain breosla i d'fheithicil le haghaidh an turais. Más féidir coimeád d'umar breosla lán sa gheimhreadh
- Seiceáil do threalamh éigeandála
- Tabhair am breise duit féin don turas agus tiomáin go cúramach. Cuir duine éigin ar a n-eolas maidir leis an mbealach a bhfuil tú chun úsáid agus an t-am a bhfuil tú ag súil go mbainfidh tú do cheann scríbe amach.

- Seiceáil chun fáil amach an bhfuil aon fhadhbanna i gceist ar an mbealach atá ar intinn agat sula dtugann tú faoi thuras. Bíonn eolas ar fáil ó láithreán gréasáin an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, (NRA) www.nratraffic.ie agus is féidir leat iad a leanúint ar Twitter @NRATraffic. Féadann tú clárú leis an NRA chun foláirimh ríomhphoist a fháil le haghaidh turais roghnaithe, agus tá feidhmchlár NRA ar fáil d'úsáideoirí cláraithe freisin

- Freisin d'fhéadfá seiceáil a dhéanamh ar láithreán gréasáin AA Road-watch www.aaroadwatch.ie nó lean ar Twitter iad @aaroadwatch. Éist le feasacháin teilifíse nó raidió agus seiceáil réamhaisnéis na haimsire. Cuimhnigh gur cosúil go mbeidh an riocht is fearr ar na bóithre idir 10r.n. agus 4i.n.

- Mura bhfuil do bhealach ar eolas agat, agus má tá SatNav/GPS á úsáid agat, déan cinnte nach dtógann sé ar bhealach contúirteach tú, ar nós talaimh shleibhtiúil nó ar chúlbhóithre cúnga a d'fhéadfadh a bheith contúirteach mar gheall ar shneachta agus oighear m.sh. Bearna Bhealach Sailearnáin, Co. Chill Mhantáin nó Bearna an Bhearnais Mhóir, Co. Dhún na nGall. Ná braith go hiomlán ar SatNav/GPS, féach ar do bhealach ar léarscáil






## Tiomáint i gcoinníollacha guaiseacha

Cuimhnigh ar na guaiseacha tromchúiseacha seo a leanas:

- Bíonn an sneachta agus an t-oighear níos measa i gcónaí i gceantair sléibhtiúla agus ar thalamh ard - déan iarracht áiteanna den sórt sin a sheachaint. Tá eolas faoi choinníollacha bóthair agus theochtaí bóthair ar fáil ar www.nratraffic.ie

- Bí cúramach le feithiclí a bhfuil taoibh arda acu nuair a bhíonn an ghaoth láidir, go háirithe agus tú ag scoitheadh. Má tá feithicil a bhfuil taoibh arda uirthi á tiomáint agat déan iarracht bheith ag faire amach le haghaidh codanna nochta den bhóthar áit a mbeidh na gaotha níos láidre

- Bí ag faire amach le haghaidh crann tite nó smionagair eile

- Tá sé contúirteach imeacht ó d'fheithicil, caith seaicéad ard-infheictheachta agus úsáid do chuid soilse guaise chun cur ar chumas tráchta eile imbhualadh le d'fheithicil a sheachaint. Ar mhótarbhealach áfach, tá sé níos sábháilte imeacht ó do ghluaisteán agus seasamh taobh thiar den bhacainn sábháilteachta. Cuir glaoch ar chúnamh láithreach



# Tú féin, D’Fheirm agus an Geimhreadh

## Coimeád Sábháilte

Bíonn feirmeoireacht contúirteach i gcónaí agus is amhlaidh ach go háirithe i gcás aimsire crua.

Le cúpla geimhreadh anuas, tá fíor-dhrochaimsir feicthe again agus sneachta trom agus tuilte fairsinge i roinnt ceantar.

Seo anois an t-am le PLEANÁIL a dhéanamh chun éifeachtaí aimsire crua ar d’fheirm agus do theaghlach a íoslaghdú.

## Smaoinigh ar do Shábháilteacht Féin

- Sula dtéann tú amach ar d’fheirm, inis do dhuine éigin i gcónaí cá háit a bhfuil tú ag dul agus cé chomh fada is a bheidh tú imithe
- Caith cisil éadaí oiriúnacha
- Bíodh fón póca luchtaithe agus tóirse agat
- Ná húsáid gineadóir cúltaca laistigh riamh, mar féadann múch ón inneall bheith díobhálach
- Déan cinnte go bhfuil riocht maith ar threalamh (mar shampla sábh slabhrach) a bhféadfadh nár úsáid tú le tamall fada é agus go mbaineann tú úsáid cheart as. Féach www.hsa.ie le haghaidh tuilleadh sonraí

## Aimsir Fhuar agus Sneachta

- Bíodh plean agat chun bia agus uisce a iompar chuig do bheostoc
- Coimeád do chuid innealra agus soláthairtí uisce ó éirí reoite:
  * Bíodh téitheoirí atá rialaithe ag teirmeastat agat sa teach caidéil
  * Má chuirtear pluid inslithe/brat plaisteach ag bealach isteach na bléanlainne d'fhéadfadh go gcoimeádfaí innill crúite ó eirí reoite
  * Draenáil caidéil níocháin
- Seiceáil an méid oibreán frithreo i do chuid inneall go léir
- Bíodh plean agat chun na bealaí timpeall do chuid foirgneamh feirme a ghlanadh chomh maith le soláthar d'ábhar grin agus de shalann
- Agus tú ag cuardach ainmhithe sa sneachta, caith éadaí ard-infheictheachta ionas go bhfeicfear go héasca tú





**Aire a Thabhairt do Bheostoc**

- Déan buiséad le haghaidh fodair san earrach chun socrú cé mhéid fodair a bheidh ag teastáil don gheimhreadh
- Bíodh cúltaca de 1-2 bhurla in aghaidh an chinn agat, go háirithe ar thalamh trom
- Fás an oiread féir is féidir le linn an phríomhshéasúr fáis chun cúltaca d'fhotha geimhridh a dhéanamh
- Cuir faoi deara anailís a dhéanamh ar do chuid sadhlais. Ní mór go mbeadh rátaí fhorlíonadh bia bunaithe ar chaighdeán an tsadhlais
- Bíodh grean agus salann ar fáil agat chun cinntiú go mbeifear in ann dul isteach i gcróite i gcás sneachta nó oighir
- Bíodh plean agat chun déileáil le briseadh cumhachta

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ón:

Líne Chabhrach Leas Ainmhí: **1850 211 990**

## Tuilte ar an bhFeirm

Léigh go cúramach an chuid den leabhrán a bhaineann le tuilte. Faigh níos mó eolais ar an láithreán gréasáin www.flooding.ie

- Má tharlaíonn tuilte go minic i d'fheirm:
- Bog do bheostoc chuig áiteanna a mbeidh tú in ann iad a bhaint amach má tá baol mór tuilte i gceist
- Féach go cúramach ar dhoimhneacht tuilte sula dtiomáineann tú tríothu
- Ná húsáid ach feithiclí oiriúnacha más gá duit tiomáint trí thuilte
- Cuir trealamh luachmhar agus soláthairtí breosla in ionaid oiriúnacha ionas nach scriosfar ag uisce iad



## Guaiseacha Eile

Bí cúramach agus trealamh á úsáid a bhféadfadh nár úsáideach é le tamall fada:

- Déan cinnte go bhfuil fónamh ceart déanta air agus go bhfuil riocht maith air
- Ná "Téigh sa Seans"- mura bhfuil a fhios agat cén chaoi an trealamh a úsáid iarr ar dhuine éigin tú a chur ar d'eolas nó faigh amach cén chaoi a n-úsáidtear é
- Is gá bheith an-chúramach agus sábha slabhrach á n-úsáid - féach ar an leabhrán "Safe Working with Timber and Chainsaws" ar láithreán gréasáin an HSA www.hsa.ie

## Leictreachas

Faigh cóip den leabhrán "Farm Well....Farm Safely" ar láithreán gréasain ESB Networks www.esb.ie - tá an t-eolas riachtanach go léir faoi úsáid a bhaint as trealamh leictreach ar d'fheirm istigh ann.

- Gineadóirí cúltaca. Baineann rialacháin speisialta le ceangal agus le húsáid gineadóirí
- Ní mór go ndéanfaí leictreoir cáilithe an ceangal a shuiteáil
- Ní mór fógra a thabhairt do ESB faoi oibriú beartaithe gineadóra
- Má dhéantar ceangal mícheart, féadann fothú ar gcúl a tharlú agus cuireann sé sin tú féin, tomhaltóirí eile agus baill foirne cothabhála i mbaol



# An Earnáil Ghnó

## Do Ghnó a Ullmhú i gComhar Aimsire Crua

Bíonn roinnt dúshlán de shárú ag gach gnó chun cinntiú go leanfaidh an gnó ar aghaidh i gcás aimsire crua. *Is é an rud is tábhachtaí ná ulllmhú chun go ndéanfaí cur isteach a íoslaghdú* le linn imeachtaí den sórt sin.

Tá seicliosta praiticiúil don earnáil ghnó curtha le chéile ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ina leagfar amach saincheisteanna le dul i ngleic leo mar chuid de phleanáil leanúnachas gnó le haghaidh imeachtaí aimsire crua agus mar fhreagra orthu. Is féidir an Seicliosta a fheiceáil sa cháipéis Pleanáil do Leanúnachas Gnó i gCruachás Aimsire atá ar fáil ag www.forfas.ie.




**I measc na nithe praiticiúla le smaoineamh orthu maidir le cén chaoi a bhféadann imeacht aimsire crua dul i bhfeidhm ar oibríochtaí tá:**

**An Tionchar ar an Ionad Gnó-** Smaoinigh ar an gcaoi a bhféadann cásanna éagsúla d'aimsir chrua dul i bhfeidhm ar an ionad oibre .i. an láithreán agus na foirgnimh:-

- An bhfuil an t-ionad i mbaol tuilte?

- An cosúil go dtiocfadh deacrachtaí chun cinn ag na bealaí isteach m.sh. bóithre isteach suite ar fhána nó i mbaol oighir?

- An bhfuil píobain uisce inslithe (lena n-áirítear i bhfoirgnimh fholmha agus timpeall orthu)?

- Déan cinnte go bhfuil eolas agus sonraí teagmhála ag an ngnó maidir le seirbhísí lárnacha lena n-áirítear údaráis áitiúla

- Féach arís ar chumhdach árachais agus déan teagmháil le comhairleoirí árachais maidir le haon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith ag gnó

## An Tionchar ar Fhostaithe

- Samhlaigh nach mbeadh fostaithe in ann freastal ar an ionad oibre agus smaoinigh ar an tionchar a bheadh aige sin ar an ngnó

- Smaoinigh ar an gcaoi a bhféadfadh cleachtais oibre malartacha briseadh isteach ar ghnó a íoslaghdú m.sh. teileaoibriú, sealobair agus smaoinigh ar an gcaoi a bhféadann na cleachtais Bainistíocht Acmhainní Daonna dul i ngleic le cur isteach ar an obair

- Smaoinigh cén bearta nach mór a chur i bhfeidhm chun sábháilteacht fostaithe san ionad oibre a chinntiú



- Déan cinnte go bhfuil sonraí teagmhála suas le dáta le haghaidh fostaithe ag an ngnó chomh maith le plean cumarsáide
- Déan cinnte go sanntar go soiléir freagracht an lucht bainistíochta as pleanáil agus ullmhúcháin a dhéanamh; agus chun róil ríthábhachtacha don ghnó a chinntiú agus pleananna a fhorbairt chun leanúnachas a chinntiú

## An Tionchar ar Chustaiméirí

- Smaoinigh ar an gcaoi a bhféadfadh aimsir chrua dul i bhfeidhm ar chustaiméirí
- Smaoinigh ar an tionchar a bheadh ag líon níos lú custaiméirí ar an ngnó
- Smaoinigh ar bhealaí eile chun freastal ar chustaiméirí agus ar na straitéisí a bhféadfaí leas a bhaint astu chun cur isteach a íoslaghdú m.sh. gnó ar líne
- Bíodh plean cumarsáide i bhfeidhm agat le haghaidh custaiméirí
- Smaoinigh ar cén chaoi ar féidir sábháilteacht custaiméirí a chinntiú laistigh de limistéir phoiblí an ghnó
- Smaoinigh ar cén chaoi ar féidir na cosáin timpeall an ionaid ghnó agus na bealaí isteach a ghlanadh i gcás sneachta agus oighir agus déan ullmhúchán ionas go mbeidh trealamh oiriúnach ar fáil

## An Tionchar ar Sholáthraithe

- Smaoinigh ar an tionchar a bheadh ag briseadh isteach ar ghnó ar sholáthairtí agus féach arís ar stoc-chairn
- Déan idirchaidreamh leis na príomhsholáthraithe agus socraigh an bhfuil siad ullamh i gcás go rachadh aimsir chrua i bhfeidhm ar a gcuid gnóthaí
- Smaoinigh ach go háirithe ar sholáthairtí am-íogaire
- Smaoinigh ar bhealaí iompair agus chainéil loighistice eile
- Smaoinigh ar shábháilteacht soláthraithe earraí agus seirbhísí, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach rochtain a thabhairt dóibh ar limistéir den áitreabh nach mbaintear úsáid astu go minic




# Scoileanna agus aimsir chrua

**Scoileanna agus aimsir chrua**

Seo a leanas treoir le haghaidh lucht bainistíochta na scoile.

## Bí ullamh Bí eolasach Bí aireach

### Ullhúchán

Ba cheart do scoileanna measúnú réamhimeachta a dhéanamh ar na socruithe ar cheart a chur i bhfeidhm nó a bhféadfaí a chur i bhfeidhm chun cinntiú go n-osclófar an scoil i gcás aimsire troime. Is iad na ceisteanna atá le breithniú ná cothabháil áitreabh agus fhóntais na scoile, leathadh salainn agus iompar chuig an scoil agus uaithi.

Ba cheart do scoileanna a chinntiú go mbeidh eolas soiléir ag gach ball foirne maidir lena ról agus a gcuid freagrachtaí le linn aimsire troime lena n-áirítear i gcás dhúnadh scoile. Ba cheart ball foirne a shannadh chun súil a choimeád ar an aimsir agus chun teagmháil a dhéanamh leis na príomhghníomhaireachtaí freagartha agus na seirbhísí iompair scoile áit a theastaíonn.

Ba cheart na freagraí agus na róil bheartaithe a bheidh i bhfeidhm i gcás Foláirimh Aimsire Dheirg ó Mhet Éireann a chur san áireamh i bplean na scoile le haghaidh aimsire crua.

## Cumarsáid

Ba cheart d'fhoireann scoileanna a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála ábhartha acu le haghaidh na bpríomhghníomhaireachtaí freagartha dá gceantar, lena n-áirítear an Garda Síochána, an bhriogáid dóiteáin agus na húdaráis áitiúla agus na seirbhísí cuí eile. Ba cheart freisin go mbeadh sonraí teagmhála ag scoileanna le haghaidh na seirbhísí iompair atá ag freastal ar a scoil. Ba cheart na sonraí sin a sheiceáil go rialta agus a choimeád suas le dáta.

Ba cheart do scoileanna cumarsáid a dhéanamh le scoileanna in aice leo chun cinntiú, an oiread is féidir, gur féidir freagra comhaontaithe áitiúil a thabhairt ar imeachtaí aimsire crua. Tugtar faoi deara, áfach, cé go bhféadfadh go ndéanfadh scoileanna i gceantar faoi leith iarracht a gcuid cinntí a chomhordú, go bhféadann cúinsí difriúla a bheith i gceist i scoileanna aonair atá gar dá chéile agus uaireanta go bhféadfadh scoileanna cinntí difriúla a ghlacadh dá bharr sin.

Baineann an chuid is mó de scoileanna úsáid as seirbhís teachtaireachtaí téacs chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus baill foirne. D'fhéadfadh go mbeadh na stáisiúin raidió áitiúil, láithreán gréasáin na scoile nó na meáin shóisialta úsáideach freisin chun tuismitheoirí agus daltaí a chur ar a n-eolas faoi choinníollacha agus dhúnadh na scoile i gcás go dtiocfadh sé sin chun cinn.



## Scrúduithe stáit

I gcás go dtarlaíonn aimsir chrua le linn scrúduithe stáit sceidealaithe déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit cumarsáid le scoileanna chun socruithe malartacha a chur i bhfeidhm.

## Dúnadh Scoileanna

Fágtar faoi údarás bainistíochta na scoile cinneadh a dhéanamh maidir le dúnadh na scoile agus an treoir go léir ó na príomhghníomhaíochtaí freagartha, an Garda Síochána ach go háirithe, á tógáil san áireamh acu. Glactar an cinneadh ar mhaithe le sábháilteacht leanaí, tar éis measúnú a dhéanamh ar na priacail sa cheantar áitiúil agus tar éis dul i gcomhairle, mar is cuí, le hoibreoirí iompar scoile.



Seo a leanas cuid de na ceisteanna a thógann scoileanna san áireamh:

- coinníollacha sa scoil í féin
- cumas na scoile sláinte agus sábháilteacht na ndaltaí a chinntiú agus iad ar scoil
- cumas tuismitheoirí, daltaí, ball foirne agus seirbhísí iompair scoile taisteal go sábháilte ar na bóithre áitiúla chun an scoil a bhaint amach
- treoir ó na príomhghníomhaireachtaí freagartha

## Rabhaidh aimsire ó Mhet Éireann

Ba cheart do scoileanna súil a choimeád ar réamhaisnéisí aimsire chun bheith réidh i gcomhar aon aimsire crua a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an scoil. Le linn tréimhsí d'aimsir chrua ba cheart do scoileanna an staid a mheas agus an treoir thuas á leanúint acu. Ba cheart do scoileanna bheith ullamh, iad féin a choimeád ar a n-eolas agus a bheith san airdeall.

Le blianta beaga anuas tá rabhaidh aimsire dhathchódaithe tugtha isteach ag Met Éireann mar seo a leanas:

- Stádas Buí – bí san airdeall
- Stádas Oráiste – bí ullamh
- Stádas Dearg – glac gníomh

Ba cheart do scoileanna freagra oiriúnach a thabhairt agus an treoir seo a leanas á leanúint acu.

Ba cheart a choimeád i gcuimhne freisin go bhféadfadh imeachtaí aimsire athrú go tapa gan choinne. Smaoinigh, mar shampla, ar Stoirm Darwin i bhFeabhra 2014 nuair a bhí foláirimh Dhearga eisithe ag Met Éireann le haghaidh Corcaí agus Ciarraí ach an uair sin bhog an aimsir go tapa ar fud thuaisceart na tíre agus bhí roinnt contaetha eile buailte aici.

D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach gníomh a ghlacadh i gcás roinnt rabhaidh aimsire Oráiste mar gheall ar na cúinsí i gceantar faoi leith, m.sh. i gceantair atá suite ar an gcósta a dtarlaíonn tuilte iontu go minic. Agus an scoil ag socrú cén ghníomhartha a theastaíonn ba cheart dóibh bheith treoraithe ag eolas agus taithí mhuintir na háite agus ag comhairle ó na príomhghníomhaireachtaí freagartha.

## Rabhadh aimsire Dearg

Beidh sé riachtanach don scoil gníomh a ghlacadh i gcás gach rabhadh aimsire Dearg. Beidh ar na scoileanna tionchar féideartha imeachtaí aimsire den sórt sin a mheas agus an taithí atá acu orthu á tógáil san áireamh acu chomh maith le comhairle na bpríomhghníomhaireachtaí freagartha sa cheantar.

D'fhéadfadh go mbeadh rabhadh aimsire dearg le haghaidh báistí troime ábhartha ach go háirithe má tharlaíonn tuilte go minic sa cheantar. Áit a dtugtar rabhadh aimsire dearg maidir le hoighear nó sneachta d'fhéadfadh go dtiocfadh fadhbanna áitiúla chun cinn mar gheall ar ionad na scoile agus/nó na bealaí a thógtar chun an scoil a bhaint amach.

## Rabhadh aimsire dearg le haghaidh gaoithe

Ba cheart do scoileanna aird faoi leith a thabhairt ar rabhaidh aimsire Dearga áit a dtuartar gaotha láidre nó stoirmeacha. Toisc go mbíonn sé an-deacair a thuar cén tionchar a bheidh ag an aimsir a bhaineann le rabhadh dearg den sórt sin ar chúinsí sa cheantar ba cheart do scoileanna an treoir seo a leanas a leanúint chun cabhrú leo agus an tionchar á mheas acu.

D'fhéadfadh go dtabharfaí rabhaidh aimsire dearga le haghaidh coinníollacha a bhaineann le gaotha sula n-osclófaí an scoil nó d'fhéadfadh go dtiocfadh sé chun cinn le linn an lá scoile.

## Rabhadh faoi stádas Dearg roimh an lá scoile

Tar éis dul i gcomhairle ar leibhéal náisiúnta leis an Oifig Pleanála Éigeandála agus leis na comhlachtaí bainistíochta le haghaidh scoileanna is í an chomhairle a a thugann an Roinn Oideachais agus Scileanna do scoileanna ná gur cheart dóibh smaoineamh ar an scoil a choimeád dúnta áit a dtuartar rabhadh aimsire dearg i ndáil le gaotha a bheadh i bhfeidhm le linn na dtréimhsí ina mbeadh daltaí agus baill foirne ag taisteal ón scoil agus chuici.

Maidir leis an gcinneadh cibé acu an ceart nó nár cheart an scoil a oscailt níos déanaí sá lá áit a dtuartar go dtiocfaidh feabhas ar an aimsir, ba cheart an cinneadh sin a ghlacadh i gcomhairle leis an nGarda Síochána, leis na húdaráis áitiúla, na seirbhísí iompair scoile agus na gníomhaireachtaí oiriúnacha eile atá suite i gceantar na scoile.

## Rabhadh faoi stádas Dearg a thugtar le linn an lá scoile

Nuair a eisítear rabhadh aimsire dearg maidir leis an ngaoth áit a bhfuil an lá scoile tosaithe agus na daltaí agus na baill foirne i láthair, ba cheart do lucht bainistíochta na scoile teagmháil a dhéanamh láithreach leis an nGarda Síochána, leis na seirbhísí iompair scoile agus le gníomhaireachtaí cuí eile chun comhairle a fháil maidir le cibé acu an mbeadh sé sábháilte turais a dhéanamh ón scoil agus cathain is ceart na turais sin a thosú. Ba cheart smaoineamh ar shábháilteacht tuismitheoirí a bheadh ag déanamh turas chun na scoile chun leanaí a thógáil abhaile.

Áit a bhféadfadh go mbeadh gá le cinneadh a dhéanamh ar chúinsí sláinte agus sábháilteachta ar bhunús na comhairle atá ar fáil don scoil go bhfanfadh daltaí agus baill foirne sa scoil le linn rabhaidh dheirg i ndáil le gaoth, ba cheart do scoileanna pleananna a dhéanamh dó sin trí smaoineamh conas freastal ar dhaltaí agus bhaill foirne sa scoil agus iad ag fanacht le feabhas ar an aimsir. Ba cheart cinntí den sórt sin a ghlacadh ar bhunús sláinte agus sábháilteachta gach duine atá i gceist agus an aimsir atá i réim agus atá tuartha i gceantar na scoile á tógáil san áireamh.





# Eolas teagmhála

## Seirbhísí Éigeandála

Má thagann éigeandáil chun cinn cuir glaoch ar na seirbhísí éigeandála ag

**112 nó 999**

I gcás éigeandála san uisce, lena n-áirítear amach ón gcósta, ar an líne cósta, ar uiscebhealaí, lochanna nó aibhneacha intíre cuir glaoch ar **112 nó 999 agus iarr an Garda Cósta.**

Cuimhnigh uimhreacha teileafóin le haghaidh do dhochtúra, do chógaiseora, scoileanna do leanaí, d'údarás áitiúil, stáisiún na nGardaí, soláthraithe seirbhíse agus baill teaghlaigh a choimeád in áit a mbeadh sé éasca iad a aimsiú i gcás go dtiocfadh éigeandáil chun cinn.

**Seirbhísí**

| | |
|---|---|
| ESB Networks | Íosghlao 1850 372 999 |
| Líonraí Gáis Éireann | Íosghlao 1850 20 50 50 |
| Uisce Éireann | Íosghlao 1890 278 278 |

## Réamhaisnéis na hAimsire

Feadann tú an réamhaisnéis is déanaí a fháil ó na foinsí seo a leanas:

Féach ar leathanach baile láithreán gréasáin Mhet Éireann: www.met.ie

Éist le feasacháin nuachta gach uair an chloig ar an raidió náisiúnta agus áitiúil

Féach ar thuairiscí aimsire tar éis feasachán nuachta ar an teilifís (Aertel leathanach160 - 163)

Chun réamhaisnéis cúig lae ó Mhet Éireann a fheiceáil:

Láithreán gréasáin Mhet Éireann: www.met.ie/forecasts/5day-ireland.asp

Chun an radar Báistí ó Mhet Éireann a fheiceáil:

Láithreán gréasáin Mhet Éireann: www.met.ie/latest/rainfall_radar.asp

## Ionad Léarscáileanna an FSS

Tá áis dar teideal Ionad Léarscáileanna ar leathanach baile láithreán gréasáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte www.hse.ie. Féadann tú an áis sin a úsáid chun seirbhísí sláinte a aimsiú i do cheantar. Ní gá ach do sheoladh a chur isteach agus rogha a dhéanamh chun an t-ospidéal, an chógaslann, an dochtúir, an stáisiún Gardaí, an teach altranais nó an fiaclóir is gaire duit a aimsiú. Cuirtear treoracha ar fáil ó do theach chuig an tseirbhís atá ag teastáil.

## Iompar

Tugann an láithreán gréasáin www.transport.ie naisc chuig gach soláthraí iompair phoiblí. Cliceáil ar Severe Weather Updates ar an leathanach baile agus téigh chuig an réimse eolais a theastaíonn uait. Le linn tréimhsí de bhriseadh isteach, déantar nuashonrú ar bhonn leanúnach ar láithreáin ghréasáin aonair na soláthraithe iompair.

Seo a leanas sonraí teagmhála le haghaidh soláthraithe Iompair Phoiblí. Ba cheart duit eolas teagmhála le haghaidh oibreoirí iompair i do cheantar féin a choimeád in aice láimhe chomh maith.

## Bus

Bealaí Bus Bhaile Átha Cliath - Uimhir um Sheirbhís do Chustaiméirí - (01) 8734222
Twitter: @dublinbusnews Facebook: /dublinbusnews

Bus Éireann Seirbhísí Bus Idirchathrach/Comaitéara
Twitter: @buseireann Facebook: /buseireann

**Ionaid Taistil Bhus Éireann**

| | |
|---|---|
| Béal an Átha | (096) 71800 |
| An Cabhán | (049) 4331353 |
| Corcaigh | (021) 4508188 |
| Droichead Átha | (041) 9835023 |
| Baile Átha Cliath | (01) 8366111 |
| Dún Dealgan | (042) 9334075 |

| | |
|---|---|
| Gaillimh | (091) 562000 |
| Cill Áirne | (064) 6630011 |
| Leitir Ceanainn | (074) 9121309 |
| Luimneach | (061) 313333 |
| Muineachán | (047) 82377 |
| Sligeach | (071) 9160066 |
| Srath an Urláir | (074) 9131008 |
| Trá Lí | (066) 7164700 |
| Port Láirge | (051) 879000 |

**Bus Éireann - Oifigí Iompar Scoile**

| Le haghaidh Seirbhísí sna Contaetha seo a leanas | Oifig Theagmhála | Uimhreacha Gutháin |
|---|---|---|
| An Iarmhí, Longfort, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Laois | Baile Átha Luain | (090) 6473277 |
| Maigh Eo | Béal an Átha | (096) 71816 |
| Baile Átha Cliath, Cill Dara, Cill Mhantáin, An Mhí | Baile Átha Cliath | (01) 8302222 |
| Lú, Muineachán, An Cabhán | Dún Dealgan | (042) 9355069<br>(042) 9355065 |
| An Clár, Tiobraid Árann Thuaidh, Luimneach | Luimneach | (061) 217484 |
| Gaillimh | Gaillimh | (091) 537694<br>(091) 537512 |
| Sligeach, Liatroim | Sligeach | (071) 9160440 |
| Dún na nGall | Srath an Urláir | (074) 9131008 |
| Port Láirge, Tiobraid Árann Theas, Cill Chainnigh, | Port Láirge | (051) 873401 |
| Ciarraí | Trá Lí | (066) 7164750 |

## Iarnród

**Iarnrod Éireann Iena n-áirítear Seirbhís Idirchathrach/ Dart/ Iarnród do Chomaitéirí** – Uimhir um Sheirbhís do Chustaiméirí – 1850 366 222

**Twitter**:@irishrail **Facebook**: /iarnrodeireann

**Seirbhísí Luais** – Uimhir um Sheirbhís do Chustaiméirí – 1800 300 604

**Twitter**:@luas **Facebook**: /luas

## Aer

Le haghaidh eolais faoi Eitiltí Isteach/Amach féach ar na láithreáin gré-asáin: www.daa.ie, www.dublinairport.com, www.corkairport.com, www.shannonairport.ie

Féach: **Aertel** leathanach 571 - 576

**Twitter:** @daa, @corkairport, @dublinairport, @shannonairport

| Aerfort | Láithreán Gréasáin | Uimhreacha Guthháin |
|---|---|---|
| Aerfort Bhaile Átha Cliath | www.dublinairport.com | (01) 8141111 |
| Aerfort Chorcaí | www.corkairport.com | (021) 4313131 |
| Aerfort na Sionainne | www.shannonairport.com | (061) 712000 |
| Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire | www.irelandwestairport.com | (094) 9368100 |
| Aerfort Phort Láirge | www.flywaterford.com | (051) 846600 |
| Aerfort Chiarraí | www.kerryairport.com | (066) 9764644 |
| Aerfort Shligigh | www.sligoairport.com | (071) 9168280 |
| Aerfort Dhún na nGall | www.donegalairport.ie | (074) 9548284 |
| Oileáin Aer Árann | www.aerarannislands.ie | (091) 593034 |
| Aerfort Idirnáisiúnta Bhéal Feirste | www.belfastairport.com | +44 (0) 28 9448 4848 |
| Aerfort George Best Cathair Bhéal Feirste | www.belfastcityairport.com | +44 (0) 28 9093 9093 |
| Aerfort Chathair Doire | www.cityofderryairport.com | +44 (0) 28 7181 0784 |

## An Fharraige

Le haghaidh Eolais faoi Bháid Fhartha Isteach/Amach féach na láithreáin ghréasáin seo a leanas:

| Seirbhís | Láithreán Gréasáin | Uimhreacha |
|---|---|---|
| Irish Ferries | www.irishferries.com | 0818 300 400 |
| StenaLine | www.stenaline.ie | (01) 2047777 |
| P&O Ferries | www.poferries.com | (01) 6869467 |
| Fastnet Line | www.fastnetline.com | (021) 4378892 |
| Brittany Ferries | www.brittanyferries.ie | (021) 4277801 |
| Celtic Link | www.celticlinkferries.com | (053) 9162688 |

## Comhairlí Cathrach agus Contae

| Comhairle | Láithreán Gréasáin | Uimhreacha Gutháin | |
|---|---|---|---|
| | | Uaireanta Oifige | Uaireanta Seachoifige |
| Co. Cheatharlach | www.carlow.ie | (059) 917 0300 | 1890 500 333 |
| Co. an Chabháin | www.cavancoco.ie | (049) 437 8300 | 087 285 8177 |
| Co. an Chláir | www.clarecoco.ie | (065) 682 1616 | 087 416 9496 |
| Co. Chorcaí | www.corkcoco.ie | (021) 427 6891 | (021) 497 1411 |
| Cathair Chorcaí | www.corkcity.ie | (021) 492 4000 | (021) 496 6512 |
| Co. Dhún na nGall | www.donegalcoco.ie | (074) 917 2222 | An Rannóg Uisce : (074) 917 2399<br><br>Rannóg na mBóithre: (074) 917 2288 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | www.dublincity.ie | (01) 222 2222 | (01) 679 6186 |
| Co. Dhún Laoghaire / Ráth an Dúin | www.dlrcoco.ie | (01) 205 4700 | (01) 677 8844 |
| Co. Fhine Gall | www.fingalcoco.ie | (01) 890 5000 | (01) 873 1415 |
| Co. na Gaillimhe | www.galway.ie | (091) 509 000 | (091) 506 069 |
| Cathair na Gaillimhe | www.galwaycity.ie | (091) 536 400 | (091) 536 400 |
| Co. Chiarraí | www.kerrycoco.ie | (066) 718 3500 | (066) 718 3500 |

| Comhairle | Láithreán Gréasáin | Uimhreacha Gutháin | |
|---|---|---|---|
| | | Uaireanta Oifige | Uaireanta Seachoifige |
| Co. Chill Dara | www.kildare.ie/countycouncil | (045) 980 200 | 1890 50 03 33 |
| Co. Chill Chainnigh | www.kilkennycoco.ie | (056) 779 4000 | 1890 252 654 |
| Co. Laois | www.laois.ie | (057) 866 4000 | 1890 837 273 |
| Co. Liatroma | www.leitrimcoco.ie | (071) 962 0005 | (071) 962 0005* |
| Cathair agus Co. Luimnigh | www.lcc.ie | (061) 496 000 | (061) 419 226 |
| Co. Longfoirt | www.longfordcoco.ie | (043) 334 3300 | 1850 211 525 |
| Co. Lú | www.louthcoco.ie | (042) 933 5457 | 1890 202 203 |
| Co. Mhaigh Eo | www.mayococo.ie | (094) 902 4444 | (094) 902 4444 |
| Co. na Mí | www.meath.ie | (046) 909 7000 | 1890 445 335 |
| Co. Mhuineacháin | www.monaghan.ie | (047) 30 500 | 087 650 1833 (Baile na Lorgan) 087 687 3154 (Carraigh Mhachaire Rois) 087 204 1672 (Cluain Eois) 087 273 7193 (Emyvale) |
| Co. Uíbh Fhailí | www.offaly.ie | (057) 934 6800 | 1890 750 750 |
| Co. Ros Comáin | www.roscommoncoco.ie | (090) 663 7100 | (090) 663 7100* |
| Co. Shligigh | www.sligococo.ie | (071) 911 1111 | Bóithre: 087 260 0111 (Baile) 087 778 9935 (Contae) Uisce: 087 290 2172 |
| Co. Bhaile Átha Cliath Theas. | www.sdcc.ie | (01) 414 9000 | (01) 457 4907 |
| Co. Thiobraid Árann | www.tipperarycoco.ie | 0761 06 50 00 | 1890 923948 |
| Cathair & Co. Phort Láirge | www.waterfordcoco.ie | 0761 10 20 20 | 0761 10 20 20 |
| Co. na hIarmhí | www.westmeathcoco.ie | (044) 933 2000 | (044) 933 2000 |
| Co. Loch Garman | www.wexford.ie/wex | (053) 919 6000 | 1890 666 777 |
| Co. Chill Mhantáin | www.wicklow.ie | (0404) 20 100 | (0404) 20 100 |

# Uimhreacha Gutháin Tábhachtacha

| | | |
|---|---|---|
| Dochtúir | | |
| [Ainm] | [Uimhir Ghutháin ] | [Uimhir Ghutháin Eile] |
| Tréidlia | | |
| [Ainm] | [Uimhir Ghutháin] | [Uimhir Ghutháin Eile] |
| Fiaclóir | | |
| [Ainm] | [Uimhir Ghutháin ] | [Uimhir Ghutháin Eile] |
| Comharsa | | |
| [Ainm] | [Uimhir Ghutháin ] | [Uimhir Ghutháin Eile] |
| Teagmhálaí Éigeandála Eile | | |
| [Ainm] | [Uimhir Ghutháin ] | [Uimhir Ghutháin Eile] |
| Scoil | | |
| [Ainm] | [Uimhir Ghutháin ] | [Uimhir Ghutháin Eile] |
| Scoil | | |
| [Ainm] | [Uimhir Ghutháin ] | [Uimhir Ghutháin Eile] |
| Stáisiún na nGardaí | 999/112 | [Uimhir Ghutháin Eile] |
| An tSeirbhís Dóiteáin/ Otharchairr Fire/Ambulance Service | 999/112 | [Uimhir Ghutháin Eile] |
| Soláthraithe Seirbhíse | | |
| Gás | [Uimhir Ghutháin ] | [Uimhir Ghutháin Eile] |
| Leictreachas | [Uimhir Ghutháin ] | [Uimhir Ghutháin Eile] |
| Uisce | [Uimhir Ghutháin ] | [Uimhir Ghutháin Eile] |
| An Chomhairle Contae | [Uimhir Ghutháin ] | [Uimhir Ghutháin Eile] |

## Notaí

**Leabhrán Bí Ullamh don Gheimhreadh**

**Is féidir an leabhrán a íoslódáil ón láithreán gréasáin www.winterready.ie** ní trí scríobh chuig an Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála, An Teach Talmhaíochta (2 Thoir), Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2

**Is mar threoir eolais amháin a thugtar ábhar an leabhráin seo. Tá se ceaptha chun feabhas a chur ar rochtain an phobail ar eolas chun ullmhú i gcomhar imeachtaí aimsire crua. Cé go ndéantar gach iarracht agus an t-ábhar á ullmhú le foilsiú ní ghlacann Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála ná an Oifig Pleanála Éigeandála le haon fhreagracht as aon earráidí, easnaimh ná ráitis mhíthreoracha ar na leathanaigh ná ar láithreán gréasáin ar bith a a dtugtar nasc dóibh ar na leathanaigh seo agus ní ghlactar le freagracht thar a gceann.**

**www.winterready.ie**

**@emergencyIE**

**Íosghlao: 1890 252 736 or 0761 001 608**

**ríomhphost: oep@defence.ie**